

An tSeachtain Seo Caite

- | | |
|-----------------|--------------|
| 1. An Luan | Dé Luain |
| 2. An Mháirt | Dé Máirt |
| 3. An Céadaoin | Dé Céadaoin |
| 4. An Déardaoin | Déardaoin |
| 5. An Aoine | Dé hAoine |
| 6. An Satharn | Dé Sathairn |
| 7. An Domhnach | Dé Domhnaigh |

1. Dé Luain chuaigh Nóra go dtí teach Aintín Úna i mBaile Átha Cliath. Chuaigh sí ann ar an mbus.
2. Dé Máirt chuaigh sí amach ag siúl sa chathair.
3. Dé Céadaoin chuaigh sí ag snámh san abhainn. Bhí an t-uisce fuar.
4. Déardaoin bhí slaghdán uirthi. D'fhan sí sa leaba.
5. Dé hAoine léigh sí leabhar maith. Bhí sí ag féachaint ar an teilifís.
6. Dé Sathairn chuaigh sí go dtí na siopaí le hAintín Úna. Cheannaigh sí leabhar agus úll.
7. Dé Domhnaigh chuaigh sí ar Aifreann. D'ith sí an dinnéar. Tháinig sí abhaile ar an mbus ansin.

Foclóir:

cathair, city

slaghdán, cold (illness)

A. Líon isteach na bearnaí:

Dé M—irt, san a—hainn, sla— —dán, tei—if—s, che—n—aigh, Dé S—thai—n, Dé D—mh—aigh.

B. Líon isteach na bearnaí:

1. Dé Máirt chuaigh sí — — sa chathair.
2. D'fhan sí — —.
3. Dé hAoine — — leabhar maith.
4. Bhí sí ag féachaint — — —.
5. Tháinig sí — ar an mbus ansin.

C. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cathain a chuaigh Nóra go dtí teach Aintín Úna?
— Dé hAoine.
— Déardaoin.
— Dé Luain.
2. Cad a rinne sí Dé Céadaoin?
— Chuaigh sí amach ag siúl.
— Chuaigh sí ag snámh san abhainn.
— Tháinig sí abhaile.

D. Freagair na ceisteanna:

1. Cé a chuaigh go dtí teach Aintín Úna?
2. Conas a chuaigh sí ann?
3. Cad a rinne sí Dé Máirt?
4. Cathain a chuaigh sí ar Aifreann?
5. Cén fáth ar fhan sí sa leaba?
6. Cathain a bhí sí ag féachaint ar an teilifís?
7. Céard a rinne sí Dé Sathairn?

Gramadach 22

(i) Líon isteach na bearnaí:

- | | |
|-------------------|----------------------|
| 1. Inniu an Luan. | 2. Inné an Sathairn. |
| Inné an —. | Inniu an —. |
| Amárach an —. | Amárach an —. |

(ii) Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Bhí Máire tinn inné. Bhí slaghdán uirthi.

1. Bhí mé tinn inné. Bhí slaghdán —.
2. Tá Seán sa leaba anois. Tá slaghdán —.
3. Nílím ar scoil inniu. Tá slaghdán —.
4. Tá sibh sa bhaile anois. Tá slaghdán —.

- (iii) **Foghlaim:** Chonaiceamar — Ní fhacamar
Chonaic sibh — Ní fhaca sibh
Chonaic siad — Ní fhaca siad

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Chonaiceamar an rothar ach ní fhacamar an carr.

1. Chonaic siad an teach ach — — an gairdín.
2. Chonaic sibh an crann ach — — an geata.
3. — an doras, ach ní fhacamar an fhuinneog.